

Ceacht 1



Na meáin a mhíniú agus a thuiscint

Cuspóir Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí ábalta a mhíniú agus a thuiscint cad iad na meáin chumarsáide.

Toradh Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann roinnt meán a ainmniú agus roinnt meán a shainaithint.

Nótaí na Mhúinteora

Is éard atá sna meáin gach cineál cumarsáide a bhfuil teachtaireacht ag gabháil léi. Áiríonn sé sin nithe a d'fhéadfá a bheith ar an eolas fúthu amhail irisí, an teilifís, an raidió agus suíomhanna gréasáin. Áiríonn sé freisin nithe follasacha eile cosúil le téacsteachtaireachtaí, urraíocht agus fiú lógónna de bhrandaí ar éadaí. Sa mhéid go bhfuilimid timpeallaithe de shíor ag na meáin, seans nach dtabharfaimis faoi deara fiú go bhfuil na teachtaireachtaí sin ag dul i bhfeidhm orainn.

Acmhainní

- An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*
- Gníomhaíocht 1.1

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Teachtaireacht Molly, an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*
- Foghlaim ghníomhach – Déan aisteoireacht chun an teachtaireacht a chur in iúl
- Comharfhoghlaim – Cluiche na Cogarnaí
- Scileanna trí ábhar – Cad é an Teachtaireacht?

Ceacht 1



Cur Chuige

Céim 1: Cluiche na Cogarnáí

- Iarr ar na leanaí suí mórthimpeall i gciorcal. Mínigh cad is teachtaireacht ann, píosa faisnéise a fhaigheann tú ó dhuine éigin eile.
- Inis dóibh go bhfuil teachtaireacht ghreannmhar agat le roinnt leo.
- Inis an teachtaireacht sin do leanbh amháin, agus inseoidh siadsan é don chéad leanbh eile agus mar sin de, go dtí go mbeidh an teachtaireacht cloiste ag an rang go léir.
- Inis an teachtaireacht don chéad leanbh ina chluas sa chaoi is ngach gcloisfidh an chuid eile den rang an teachtaireacht “Feicim lispín liobarnach ar lá lonnmhar.” Iarr an leanbh é a insint don chéad leanbh eile ina chluas.
- Téann an teachtaireacht ó leanbh go leanbh, go dtí go scoicheadh sé an leanbh deireanach sa chiorcal.
- Ansin iarr ar an leanbh sin an teachtaireacht a insint don rang.
- Mol na leanaí as jab iontach a dhéanamh.

Céim 2: Faigh an teachtaireacht

Iarr ar na leanaí conas mar a d’fhéadfaidís an teachtaireacht a chur in iúl do dhuine éigin eile:

- Sa suíochán taobh leo
- Sa chéad seomra ranga eile
- Ar an taobh eile den bhaile
- I mbaile eile
- I dtír eile
- I dtír i bhfad i gcéin
- Ar phláinéad eile

D’fhéadfadh na leanaí a mholadh go n-inseofaí ó bhéal an teachtaireacht, go seolfaí litir, ríomhphost nó téacs nó go mbainfí úsáid as na meáin shóisialta. Mínigh do leanaí gur féidir le teachtaireachtaí teacht ó a lán áiteanna éagsúla.

Céim 3: Déan an teachtaireacht a aisteoireacht

- Iarr ar na leanaí roinnt bealaí eile a lua ina bhféadfaí teachtaireacht a sheoladh.
- Iarr orthu aisteoireacht a dhéanamh ar aon mholadh – teachtaireacht a scríobh, teachtaireacht a ghlaoch amach, teachtaireacht a rá de chogar, comharthaí láimhe a úsáid, agus mar sin de.
- Inis do na leanaí go bhfuair tú teachtaireacht ar do ríomhaire ón bpríomhoide, ag insint duitse gur rang iontach é do rang.
- Iarr ar na leanaí, an bhfaca said riamh teachtaireacht ar ríomhaire, ar ghuthán nó ar tháibléad?

Ceacht 1



Cur Chuige ar lean

Céim 4: Am Scéalaíochta

- Iarr ar na leanaí ar mhaith leo go n-inseofá scéal dóibh. Inis scéal theachtaireacht Molly dóibh.

Teachtaireacht Molly


D'fhill Molly ón scoil. Bhí lá iontach aici. Bhí sí tar éis a bheith ag imirt lena cairde. D'ith sí a lón go léir. Tharraing sí pictiúr álainn don múinteoir. Nuair a shroich sí an baile shuigh sí síos chun sneaic a bheith aici.

Chuala sí guth “Tar amach agus bí ag súgradh liom.” D’fhéach Molly mórthimpeall uirthi sa chistin. Bhí a hathair ag cócaráil. Bhí a máthair amuigh ag obair. Níor thuig sí ó thalamh an domhain cad as ar tháinig an guth. Ansin chuala sí an guth arís “Tar amach agus bí ag súgradh liom.” Bhí mearbhaill ar Molly. D’fhiafraigh sí dá hathair ar chuala sé an guth. Gháir sé agus dúirt, “Níl ann ach an raidió” arsa Daidí. “Ó am go ham cloisimid teachtaireachtaí ar an raidió agus ar an teilifís.” Thuig Molly gur tháinig an teachtaireacht ó dhuine éigin ag labhairt ar an raidió. “Tar amach agus bí ag súgradh liom”, arsa Molly. Rinne Daidí meangadh gáire agus d’imigh sé amach ag súgradh léi.

- Fiafraigh de na leanaí ar chuala siad riamh teachtaireacht ag teacht ón raidió nó ón teilifís?
- Cad iad na teachtaireachtaí a chuala siad?
- An bhfaca nó ar chuala siad riamh teachtaireachtaí ó áiteanna eile, mar shampla ón idirlíon, ó ghutháin, ó aipeanna ar a dtáibléid, in irisí, ar an teilifís, ar an raidió, ar shuíomhanna gréasáin nó ar phóstaeir ar an tsráid?
- Cad iad na cineálacha teachtaireachtaí a chuala nó a chonaic siad?
- Inis do na leanaí go bhfuil ainm ar na bealaí go léir sin chun teachtaireachtaí a fháil – na meáin chumarsáide.

Céim 5: Cad é an teachtaireacht?

- Mínigh do na leanaí gur féidir le teachtaireacht teacht san iliomad bealaí, mar phictiúr nó mar fhocail, nó mar mheascán den dá cheann.
- Fiafraigh de na leanaí ar mhaith leo roinnt teachtaireachtaí a scríobh ar chineálacha éagsúla meáin.
- Bain úsáid as Gníomhaíocht 1.1, agus iarr ar na leanaí bealaí éagsúla a ainmniú inar féidir leo teachtaireacht a fheiceáil nó a chloisteáil.
- Fiafraigh de na leanaí cén teachtaireacht a d’fhéadfaidís a chur ar an scáileán teilifíse, ar an nguthán, ar an táibléad nó ar phóstaeir?
- Inis do na leanaí gur féidir leo úsáid a bhaint as pictiúr nó as focail ina dteachtaireacht.
- Tabhair an deis do na leanaí Gníomhaíocht 1.1 a chomhlánú agus na teachtaireachtaí a líonadh isteach ar an scáileán teilifíse, ar an nguthán, ar an táibléad, ar an bpóstaeir nó mar fhocail nó mar phictiúr.
- Ag deireadh na gníomhaíochta, fiafraigh de na leanaí ar mhaith leo a dteachtaireachtaí a roinnt leis an gcuid eile den rang.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhfuil téarma ann ar na bealaí éagsúla go léir chun teachtaireachtaí a fháil – na meáin chumarsáide.



Gníomhaíocht 1.1

Céim 6: Cad iad na Meáin Chumarsáide Físeán

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr mar gheall ar na meáin chumarsáide.
- Seinn an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Chomh luath agus a shroicheann an físeán “An féidir leat smaoineamh ar aon mheáin a chonaic tú an tseachtain seo?” cuir an físeán ar sos chun an deis a thabhairt do na leanaí freagra a thabhairt.
- Cuir an físeán ar sos tar éis gach sampla agus fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon cheann de na samplaí sin.
- Tar éis duit an físeán a chasadh, fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon mheáin a chonaic siad san fhíseán.
- Mínigh do na leanaí go leanfaidh siad ag foghlaim faoi cad iad na meáin chumarsáide, ach idir an dá linn gur cheart dóibh a bheith ag breathnú amach do theachtaireachtaí meáin a chloisfidh nó a fheicfidh siad.



Físeán